*Uimhir* 10 *de* 1994

# An tAcht um Loingeas Éireann Teoranta (Íocaíochtaí le hIarfhostaithe), 1994

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 10 *de* 1994

**AN tACHT UM LOINGEAS ÉIREANN TEORANTA (ÍOCAÍOCHTAÍ LE hIARFHOSTAITHE), 1994**

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

Alt


1. Mínithe.
2. Cnapshuim a íoc le hiarfhostaithe de chuid na cuideachta.
3. Coiste a cheapadh.
4. Iarratais ar chnapshuim a íoc.
5. Toirmeasc ar fhaisnéis bhréagach a thabhairt.
6. Iarratais ar chnapshuim a íoc a tharchur chuig an gCoiste.
7. Cnapshuim a íoc le hionadaí pearsanta éagaigh.
8. Caiteachais an Aire.
9. Gearrtheideal agus tosach feidhme.

Na hAchtanna dá dTagraítear

| | |
|---|---|
| An tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 | 1967, Uimh. 21 |

*Uimhir* 10 *de* 1994

# AN tACHT UM LOINGEAS ÉIREANN TEORANTA (ÍOCAÍOCHTAÍ LE hIARFHOSTAITHE), 1994

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DÁ CHUMASÚ D'AIRE NA MARA SOCRÚ A DHÉANAMH CHUN ÍOCAÍOCHTAÍ A DHÉANAMH LE hIARFHOSTAITHE ÁIRITHE DE CHUID LOINGEAS ÉIREANN TEORANTA AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE COMHGHAOLMHARA. [3 *Bealtaine* 1994]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

**1.—**San Acht seo— Mínithe.

ciallaíonn "Acht 1967" an tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967;

tá le "iarratasóir" an bhrí a shanntar dó le *halt 4(3)* den Acht seo;

ciallaíonn "an chuideachta" Loingeas Éireann Teoranta;

ciallaíonn "iarfhostaí" duine a bhí fostaithe ag an gcuideachta ar feadh tréimhse, ar thréimhse d'fhostaíocht leanúnach (de réir bhrí Sceideal 3 d'Acht 1967) méid nach lú ná 104 seachtaine di agus a lean de bheith fostaithe amhlaidh go dtí an 14ú lá de Shamhain, 1984;

ciallaíonn "an tAire" Aire na Mara;

tá le "cnapshuim" an bhrí a shanntar dó le *halt 2* den Acht seo;

ciallaíonn "ionadaí pearsanta" seiceadóir nó riarthóir éagaigh de thuras na huaire;

ciallaíonn "seirbhís" líon iomlán blianta seirbhíse ináirithe (de réir bhrí Acht 1967) an iarfhostaí leis an gcuideachta le linn na tréimhse dar thosach dáta tosaithe fhostaíocht an iarfhostaí leis an gcuideachta agus dar chríoch an 14ú lá de Shamhain, 1984.

Cnapshuim a íoc le hiarfhostaithe de chuid na cuideachta.

**2.—**(1) Faoi réir na bhforálacha ina dhiaidh seo den Acht seo, déanfaidh an tAire, ar iarratas chuige sin a bheith déanta chun an Aire ag iarfhostaí nó, má fuair an t-iarfhostaí bás cibé acu roimh an Acht seo a rith nó dá éis sin, ag a ionadaí pearsanta nó ag a hionadaí pearsanta, suim (dá ngairtear "cnapshuim" san Acht seo) arna ríomh de réir fhorálacha *fho-alt*

*(2)* den alt seo a íoc leis an iarfhostaí nó leis an ionadaí pearsanta, de réir mar a bheidh, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

(2) Is é a bheidh i méid cnapshuime faoi *fho-alt (1)* den alt seo méid atá ar cóimhéid le toradh trí oiread ghnáthluach saothair seachtainiúil an iarfhostaí (de réir bhrí Acht 1967) agus an líon blianta (de réir bhrí Sceideal 3 den Acht sin) seirbhíse leis an gcuideachta.

(3) Ní mó ná £50,000 méid cnapshuime faoi *fho-alt (1)* den alt seo.

(4) Beidh feidhm ag Sceideal 3 (seachas míreanna 1 agus 2 de) d'Acht 1967, fara aon mhodhnuithe is gá, i ndáil le cnapshuim mar atá feidhm aige i ndáil le cnapshuim (de réir bhrí an Achta sin).

Coiste a cheapadh.

**3.—**(1) Déanfaidh an tAire, a luaithe is féidir tar éis thosach feidhme an Achta seo, coiste a cheapadh (dá ngairtear "an Coiste" san Acht seo) chun comhairle agus cúnamh a thabhairt don Aire i gcomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo.

(2) Déanfaidh an tAire, ó am go ham de réir riachtanas na hócáide, comhaltaí an Choiste a cheapadh agus is iad a bheidh air—

(*a*) beirt oifigeach don Aire,

(*b*) oifigeach don Aire Airgeadais arna ainmniú nó arna hainmniú ag an Aire Airgeadais,

(*c*) oifigeach don Aire Fiontar agus Fostaíochta, arna ainmniú nó arna hainmniú ag an Aire Fiontar agus Fostaíochta, agus

(*d*) oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim arna ainmniú nó arna hainmniú ag na Coimisinéirí Ioncaim.

(3) Déanfaidh an tAire, ó am go ham de réir riachtanas na hócáide, cathaoirleach ar an gCoiste a cheapadh as measc na gcomhaltaí a cheapfar de bhun *fho-alt (2)(a)* den alt seo.

(4) Triúr is córam do chruinniú den Choiste.

(5) Féadfaidh an Coiste gníomhú d'ainneoin folúntais nó folúntas i measc a chomhaltaí.

(6) Faoi réir fhorálacha an Achta seo, déanfaidh an Coiste a nós imeachta féin agus a ghnó féin a rialáil.

(7) I gcás go bhfaighidh comhalta den Choiste bás, go n-éireoidh sé nó sí as oifig nó go mbeidh sé nó sí neamhábalta go sealadach gníomhú mar chomhalta den sórt sin, féadfaidh an tAire duine eile a cheapadh chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Choiste chun an corrfholúntas a tharlóidh amhlaidh a líonadh agus déanfar an duine a cheapfar amhlaidh a cheapadh ar an modh céanna ar ar ceapadh an comhalta den Choiste ar tharla an corrfholúntas dá dheasca nó dá deasca.

(8) Féadfaidh an tAire, tráth ar bith, an Coiste a cheapfar faoin alt seo a dhíscaoileadh.

Iarratais ar chnapshuim a íoc.

**4.—**(1) Aon iarratas ar chnapshuim a íoc faoin Acht seo, déanfar é i scríbhinn chuig an Aire laistigh de 12 mhí tar éis dháta rite an Achta seo.

(2) Déanfar iarratas i cibé foirm a shonróidh an tAire nó i bhfoirm a mbeidh an éifeacht chéanna léi.

(3) Aon duine a dhéanfaidh iarratas chuig an Aire ar chnapshuim a íoc faoin Acht seo ("an t-iarratasóir"), déanfaidh sé nó sí an fhaisnéis a iarradh san fhoirm shonraithe a thabhairt don Aire mar aon le cibé faisnéis bhreise a iarrfaidh an tAire chun críoch a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin alt seo agus, má mhainníonn an t-iarratasóir an fo-alt seo a chomhlíonadh, féadfaidh an tAire diúltú an chnapshuim a íoc leis an iarratasóir.

(4) D'ainneoin *fho-alt (1)* den alt seo, féadfaidh an tAire, más cuí leis nó léi, an tréimhse ama dá dtagraítear san *fho-alt* sin *(1)* a fhadú.

(5) I gcás go mbeartaíonn an tAire iarratas ar chnapshuim a íoc faoin Acht seo a dhiúltú, tabharfaidh sé nó sí fógra i scríbhinn don iarratasóir faoina bhfuil beartaithe aige nó aici agus faoi na cúiseanna atá leis.

(6) Féadfaidh duine a mbeidh fógra tugtha dó nó di faoina bhfuil beartaithe faoi *fho-alt (5)* den alt seo, uiríll i scríbhinn a dhéanamh chuig an Aire laistigh de 21 lá ón tráth a gheobhaidh sé nó sí an fógra agus déanfaidh an tAire—

(*a*) sula ndéanfaidh sé nó sí cinneadh ar an ní, aon uiríll a chur san áireamh a bheidh déanta go cuí chuige nó chuici faoin bhfo-alt seo i ndáil lena bhfuil beartaithe, agus

(*b*) fógra i scríbhinn faoina chinneadh nó faoina cinneadh agus faoi na cúiseanna atá leis a thabhairt don duine.

(7) Maidir le fógra faoina bhfuil beartaithe ag an Aire faoi *fho-alt (5)* den alt seo, beidh ráiteas ann á rá go bhféadfaidh an duine lena mbaineann uiríll a dhéanamh chuig an Aire laistigh de 21 lá ón tráth a gheobhaidh sé nó sí an fógra.

Toirmeasc ar fhaisnéis bhréagach a thabhairt.

**5.**—(1) Ní thabharfaidh duine faisnéis bhréagach don Aire i ndáil le hiarratas ar chnapshuim a íoc faoin Acht seo.

(2) Beidh duine a sháróidh *fo-alt (1)* den alt seo ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná £1,000 a chur air nó uirthi.

(3) Is cosaint é do dhuine a chúiseofar i gcion faoin alt seo a shuíomh nach raibh a fhios aige nó aici agus nárbh fhéidir leis nó léi, trí chúram réasúnach a ghlacadh, a fhios a bheith aige nó aici, go raibh an fhaisnéis bréagach.

Iarratais ar chnapshuim a íoc a tharchur chuig an gCoiste.

**6.**—(1) Déanfaidh an tAire gach iarratas ar chnapshuim a dheonú faoi *alt 2* den Acht seo a tharchur chuig an gCoiste.

(2) Imscrúdóidh an Coiste iarratas a tharchuirfear chuige d'fhonn na nithe seo a leanas a fháil amach—

(*a*) an iarfhostaí de chuid na cuideachta nó ionadaí pearsanta iarfhostaí é nó í an t-iarratasóir,

(*b*) tréimhse seirbhíse an iarfhostaí lena mbaineann leis an gcuideachta,

(*c*) gnáthluach saothair seachtainiúil an iarfhostaí lena mbaineann,

(*d*) cibé acu atá nó nach bhfuil cnapshuim iníoctha leis an iarratasóir,

(*e*) ríomh na cnapshuime sin (más ann), nó

(*f*) aon fhíorais eile is iomchuí maidir leis an gcnapshuim a íoc,

agus, a luaithe is féidir, ullmhóidh sé tuarascáil i scríbhinn ar thoradh an imscrúdaithe agus cuirfidh sé an tuarascáil chuig an Aire.

(3) Tabharfaidh an Coiste don Aire cibé faisnéis a theastóidh uaidh nó uaithi ó am go ham i dtaobh a ghníomhaíochtaí.

(4) Féadfaidh an Coiste, chun críoch imscrúdaithe faoin alt seo, a cheangal ar iarratasóir ceist a fhreagairt, faisnéis a thabhairt, nó doiciméad nó ní a thabhairt ar aird atá ábhartha maidir leis an imscrúdú ar an iarratas lena mbaineann.

Cnapshuim a íoc le hionadaí pearsanta éagaigh.

**7.—** I gcás duine a bheidh i dteideal go n-íocfaí cnapshuim faoin Acht seo leis nó léi d'fháil bháis sula ndéanfar an íocaíocht, íocfar an chnapshuim lena ionadaí pearsanta nó lena hionadaí pearsanta.

Caiteachais an Aire.

**8.—** Déanfar na caiteachais a thabhóidh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

Gearrtheideal agus tosach feidhme.

**9.—**(1) Féadfar an tAcht um Loingeas Éireann Teoranta (Íocaíochtaí le hIarfhostaithe), 1994, a ghairm den Acht seo.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire le hordú.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€1.27

Wt. 108511. 42. 6/23. Essentra. (94207). Gr.30-15.

9 781399 304207